



An
Bord
Pleanála

Clár Oibre d'Éisteacht ó Bhéal ABP-300570-18

Dáta	Déardaoin, 26 Aibreán 2018
Am	10.00r.n.
Áit	Óstán an Springfort Hall, Mala, Co. Chorcaí
Topaicí	
	<ul style="list-style-type: none">• Tús na héisteachta ó bhéal
	<ul style="list-style-type: none">• Údarás Áitiúil chun a chás a chur ar aghaidh
	<ul style="list-style-type: none">• Agóideoirí chun a gcás a chur ar aghaidh
	<ul style="list-style-type: none">• Ceistiú idir na rannpháirtithe
	<ul style="list-style-type: none">• Ráitis deiridh san ord seo a leanas:<ul style="list-style-type: none">○ Agóideoirí○ Údarás Áitiúil
	<ul style="list-style-type: none">• Dúnadh na héisteachta ó bhéal

Ord na nAgóideoirí

1. FBA Consultants ar son
 - i. Anne O’Gorman
 - ii. Tom Lane
 - iii. Margaret Geraldine Farrell
 - iv. Patrick Farrell
 - v. Josephine Buckley

- vi. Jill Farrell
- vii. Bernadette Arnold
- viii. Tadhg O'Raghailh agus Mairead Ní Raghailh

2. John Crowley Consulting ar son

- i. Breeda Coakley
- ii. Patrick Coakley
- iii. Arthur Coakley
- iv. John Coakley
- v. Patrick agus Arthur Coakley

Nótaí:

Is í cúis na héisteachta ó bhéal ná deis a thabhairt do gach pháirtí, dóibh siúd atá ag iarraidh, tuilleadh aighneachtaí lasmuigh de na haighneachtaí scríofa atá déanta acu a chur isteach, agus chun deis a thabhairt don chigire tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheist a thagann suas. Beidh deis ag na rannpháirtithe chomh maith ceisteanna a fhiafraigh nó soiléiriú a lorg ar aighneachtaí a thabharfar isteach ag an éisteacht.

Ní chaithfidh aon rannpháirtí freastal ar an éisteacht, nó aighneacht a chur isteach ann, nó ceist a chur chuig na rannpháirtithe eile. Cuirfear gach aighneacht scríofa a chuireadh isteach cheana san áireamh ag an gcigire agus ag an mBord. Mar sin, nín gá d'aighneachtaí a chuireadh isteach cheana a bheith athráite ag an éisteacht ó bhéal.

Ina aighneacht don éisteacht ó bhéal, ba chóir don Údarás Áitiúil a chás a dhéanamh don fhorbairt bheartaithe agus réim na héadála, déileáil leis na roghanna eile a thógadh san iomaíocht agus freagra a thabhairt ar na haighneachtaí aonánacha a fhuarthas.

Cuirtear i gcuimhne duit nach bhfuil ról nó dlínse ag an mBord maidir le cinntiúchán nó measúnú ar chúiteamh agus ba chóir go dtuigfidh aon aighneacht a chuirtear isteach é sin mar ní féidir aon phlé a dhéanamh ar saincheisteanna maidir leis sin.

Ag deireadh na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an Cigire tuairisc agus moladh ar an gcás don Bhord. Beidh an cinneadh maidir leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a dheimhnigh nó a neamhnigh déanta ag an mBord amháin.

Is féidir leis an mBord íocaíocht a ordú d'aon duine atá i láthair ag an éisteacht i gcomhair costas a d'íoc an duine sin mar gheall ar a láithreach ag an éisteacht. Beidh aon íocaíocht faoi rogha an Bhoird. Ba chóir iarratas scríofa a chur chuig an mBord ar lorg costas faoi cheann trí sheachtain ó dáta na héisteachta seo.

Má tá tú ag iarraidh cóipeanna scríofa d'iarratais a chur isteach, glactar leo ach amháin má tá cóipeanna ar fáil do gach páirtí ag an éisteacht. Ba chóir duit trí chóip d'aon cáipéis scríofa a thabhairt isteach do chomhad an Bhoird chomh maith.

Faightear clár oibre agus ord láithris na héisteachta ó bhéal thuas. Is fiú é a thabhairt faoi deara gur clár táscach amháin é seo, agus is féidir le hathrú teacht air le linn na héisteachta faoi rogha an Chigire.

Le do thoil téigh i dteagmháil linn chomh luath agus is féidir má tá riachtanais rochtana agat (nó ag ball do ghrúpa) ionas gur féidir linn do fhreastal ag an éisteacht ó bhéal seo a éascú. Is féidir nach mbeimid in ann cloí le hiarratais maidir le hócáid áirithe a dhéantar i ndiaidh an spriocdháta mar gheall ar thréimhse ghearr ama chun an t-iarratas a shocrú.